



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

GA

Tuairim 07/2022

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

i dtaca leis an togra le haghaidh
Rialachán ó Pharlaimint na
hEorpa agus ón gComhairle lena
leasaítear Rialachán (AE, Euratom)
2018/1046 a mhéid a bhaineann
le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe
a bhunú mar mhodh ginearálta
iasachtaíochta
[2022/0370 (COD)]

Ábhar

	Alt
Réamhrá	01-05
Barúlacha ginearálta	06-09
Tráchtanna sonracha	10-17
Tráchtanna a bhaineann leis an leasú atá molta ar an Rialachán Airgeadais	11-14
Foclaíocht Airteagal 220a nua	11-12
Gníomhaíochtaí tábhachtacha atá le cur chun feidhme ag an gCoimisiún	13-14
Tráchtanna a bhaineann le tograí eile sa phacáiste	15-17
Aistrithe rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann chuig buiséid amach anseo	15-17
Pointí clabhsúir	18

Réamhrá

01 An 9 Samhain 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún a [thogra](#) le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ('an Rialachán Airgeadais') a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta, mar chuid de phacáiste de thrí thogra reachtacha. Ciallaíonn bunús dlí an togra ón gCoimisiún go bhfuil comhairliúchán le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa éigeantach¹. An 10 Samhain 2022 agus an 11 Samhain 2022, faoi seach, scríobh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa chugainn ag iarraidh orainn tuairim a thabhairt ar an ábhar. Leis an tuairim seo, comhlíontar an ceanglas comhairliúcháin.

02 I gcomhthráth leis an togra uaidh chun an Rialachán Airgeadais a leasú, tá an Coimisiún [ag moladh](#) go slógfar suas le €18 mbilliún le haghaidh iasachtaí chun riachtanais airgeadais phráinneacha na hÚcráine a shásamh, agus go mbeidh aibíochtaí suas le 35 bliana ag gabháil leis na hiasachtaí sin agus go n-aisíocfar an 'phríomhshuim' (i.e. an méid bunaigh den airgead a tugadh ar iasacht, gan aon chostais úis) ag tráth nach túisce ná 10 mbliana ó anois (de réir mar a fhoráiltear san ionstraim nua atá molta aige ar a dtugtar 'Cúnamh Macrairgeadais' (MFA+)). [Molann](#) an Coimisiún freisin go ndéanfar na hiasachtaí sin a ráthú le lamháltas buiséid an Aontais seachas foráil shonrach a bheith ann lena n-aghaidh. Sa tuairim seo, táimid ag tabhairt aghaidh ar an dá mholadh sin as an bpacáiste reachtach i gcás ina measaimid é sin a bheith iomchuí.

03 Is é an réasúnú a thugann an Coimisiún don leasú ar an Rialachán Airgeadais ná go bhfuil gá le roinnt oibríochtaí iasachtaíochta éagsúla a phleanáil ar bhealach atá comhleanúnach leis na deiseanna margaidh is fearr agus struchtúr a chur ar aibíochtaí chun na costais is fearr a bhaint amach. Sa bhreis air sin, mar gheall ar chastacht ionchasach na n-oibríochtaí atá riachtanach chun riachtanais phráinneacha airgeadais na hÚcráine a chomhlíonadh, agus chun oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe amach anseo a bhaineann le Ballstáit agus tíortha nach Ballstáit iad a réamh-mheas, measann an Coimisiún go bhfuil sé iomchuí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh maoinithe aonair chun oibríochtaí iasachtaíochta a chur chun feidhme.

¹ [An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh](#), Airteagal 322(1)(a).

04 Faoi láthair, faigheann an Coimisiún iasachtaí thar ceann an Aontais nó Euratom chun na suimeanna comhfhreagracha a thabhairt ar aghaidh ar iasacht do thíortha tairbhíocha (idir Bhallstáit agus thíortha nach Ballstáit iad) faoi na coinníollacha is infheidhme do na hiasachtaíochtaí. Foráiltear sa Rialachán Airgeadais go gcaithfear na sreabha airgid idir na cistí atá faighte ar iasacht agus na hiasachtaí féin a mheaitseáil ceann ar cheann. Ciallaíonn sé sin nach mór don Aontas oibríochtaí margaidh a dhéanamh bunaithe ar na riachtanais eisíocaíochta do gach cás iasachtaithe ar leith. Measann an Coimisiún go bhfuil costas agus castacht ag baint le cláir cúnamh airgeadais aonair a mhaoiniú trí mhodhanna cistiúcháin ar leithligh ós rud é go mbíonn na cláir cúnamh airgeadais éagsúla in iomaíocht le haghaidh líon teoranta deiseanna cistiúcháin. Cuirtear béim ar an méid sin go háirithe i gcomhthéacs na tacaíochta airgeadais reatha don Úcráin i bhfianaise na riachtanais airgeadais phráinneacha atá aici agus an neamhchinnteacht atá ann faoina riachtanais airgeadais go fadtéarmach.

05 Bunaíodh straitéis cistiúcháin éagsúlaithe chun cistí le haghaidh deontais agus iasachtaí faoi NextGenerationEU (NGEU) a shlógadh, a bhí comhdhéanta den [tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta \(RRF\)](#) agus [de chlár eile de chuid an Aontais](#). De réir an togra ón gCoimisiún, bheadh straitéis éagsúlaithe den sórt sin le cur i bhfeidhm maidir le gach iasachtaíocht amach anseo, ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe.

Barúlacha ginearálta

06 Sa togra ón gCoimisiún, déantar argóintí réasúnacha ar mhaithe le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú, a bhfuil straitéis den sórt sin á cur chun feidhme faoi láthair le haghaidh iasachtaíochtaí faoi NGEU mar mhodh bonnlíne le haghaidh cur chun feidhme gach oibríúchán iasachtaíochta. Ní úsáideann oibríochtaí cistiúcháin NGEU ‘maoiniú droim-le-droim’ traidisiúnta ach ina ionad sin úsáideann sé cur chuige atá comhchosúil leis an gcur chuige atá ag stáit cheannasacha, lenar féidir na suimeanna a fhaightear ar iasacht a choimeád go sealadach i gcuntas bainc. Trí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a úsáid, cuirtear ar chumas an Choimisiúin ionstraimí fiachais gearrthéarmacha (le haibíocht níos lú ná bliain amháin) a úsáid freisin, amhail billí nó línte creidmheasa AE. Dá bhrí sin, ní chinntear an cineál ionstraime iasachtaíochta, uainiú, méid agus aibíocht eisiúintí fiachais an Aontais le haghaidh clár cistiúcháin NGEU bunaithe go huile agus go hiomlán ar uainiú eisíoc na n-iasachtaí nó riachtanais bhuiséad an Aontais. Chuirfeadh an cur chuige sin níos mó solúbthachta ar fáil don Choimisiún maidir leis an rogha iasachtaíochta is fearr atá ar fáil a roghnú.

07 I dTuarim 06/2020 uainn i dtaca leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán lena mbunaítear RRF, luamar cheana go bhféadfadh tairbhí a bheith ag baint le himeacht ó chistiú droim-le-droim ach, fós féin, go bhfuil riosca ráta úis ag gabháil leis sin a thagann chun cinn nuair a athraíonn costas na hiasachtaíochta idir tráth na hiasachtaíochta agus tráth na heisíocaíochta. Le haghaidh straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, caithefear creat rialachais agus rialacha iomchuí a fhorbairt.

08 D’úsáid an Coimisiún an nós imeachta mear le haghaidh cúinsí eisceachtúla faoi Airteagal 4 de [Phrótocal Uimh. 1](#) i bhfianaise an riachtanais phráinnigh atá ann cúnamh a chur ar fáil don Úcráin. Tarraingimid aird ar an bhfíoras gur beart fadtéarmach é an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe atá molta le haghaidh gach oibríocht iasachtaíochta amach anseo, ar dócha go mbainfidh sé le méideanna atá i bhfad níos airde ná an tacaíocht MFA+ don Úcráin. Cé gur cur chuige caighdeánach ag stáit cheannasacha ó thaobh cistí a fháil ar iasacht atá in úsáid a bhaint as straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, tá teorainn leis an méid ama agus anailísí tacaíochta atá ag na húdaráis reachtacha chun an t-athrú fadtéarmach seo atá molta a bhreithniú.

09 I dTuarascáil bhliantúil 2021 uainn, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2022, thugamar ar aire gur mhéadaigh an cogadh san Úcráin na rioscaí do bhuiséad an Aontais agus go raibh baol níos mó ann go ndéanfaí dliteanais theagmhasacha ar bhuiséad an Aontais a éileamh.

Tráchtanna sonracha

10 Sna míreanna seo a leanas, tarraingimid aird ar ghnéithe sonracha de phacáiste tograí an Choimisiúin.

Tráchtanna a bhaineann leis an leasú atá molta ar an Rialachán Airgeadais

Foclaíocht Airteagal 220a nua

11 D'fhéadfaí a theacht ar an tátal as an léamh ar an gcéad abairt d'Airteagal 220a, mír 1, go bhfuil an Coimisiún ag moladh eisceacht a thabhairt isteach (i gcásanna a bhfuil údar cuí leo) ón [straitéis cistiúcháin éagsúlaithe](#) a chur i bhfeidhm do chlár NGEU dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de [Chinneadh 2020/2053](#) maidir leis an gcóras acmhainní dílse, rud nach bhféadfaí a dhéanamh faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair. Thairis sin, d'fhéadfaí an tuiscint a bhaint as nach bhfuil sé ach ag tagairt do ghníomhaíochtaí iasachtaíochta NGEU atá údaraithe le Cinneadh 2020/2053. Ós rud é nach é sin atá i gceist ag an gCoimisiún, ba cheart an fhoclaíocht a leasú.

12 Tagraítear in Airteagal 220a, mír 2, sa dara habairt do '[straitéis] eisiúna agus bainistithe fiachais', agus tagraítear in Airteagal 220a, mír 1 do '[oibríochtaí] iasachtaíochta agus bainistithe fiachais'. Úsáidtear an téarma 'eisiúint' i ndáil le hurrúis (bannaí agus billí) agus ní bhaineann sé le hoibríochtaí iasachtaíochta an mhargaidh airgid, ar cuid den straitéis cistiúcháin éagsúlaithe iad sin freisin. Ba cheart an fhoclaíocht i mír 2 d'Airteagal 220a a leasú ionas go ndéanfar gach ionstraim a úsáidtear faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur san áireamh san fhaisnéis chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Gníomhaíochtaí tábhachtacha atá le cur chun feidhme ag an gCoimisiún

13 In aithris 8, iarrtar go ndéanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht thábhachtach maidir le comhthiomsú leachtachta a chur ar bun. Iarrtar in aithris 10 go mbunófar na socruithe is gá i ndáil leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, eadhon creat rialachais, nósanna imeachta um bainistíocht rioscaí agus modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas, chomh maith le faisnéis rialta agus chuimsitheach a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le gach gné den straitéis iasachtaíochta agus bainistithe fiachais. Ní dhéantar foráil do mhionsonraí na ngníomhaíochtaí tábhachtacha sin sa reachtaíocht athbhreithnithe féin, agus éileoidh siad bainistiú

fóna cisteáin agus gníomhaíochtaí breise ón gCoimisiún chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an straitéis chistiúcháin nua. Tá iniúchóireacht á déanamh faoi láthair ag an gCúirt ar bhainistiú fiachais NGEU sa Choimisiún.

14 Le hAirteagal 1 den togra ón gCoimisiún, scriosfaí *inter alia* mír 2 d’Airteagal 220 den Rialachán Airgeadais, lena gceanglaítear nach bhfágfaidh na hiasachtaí a fhaightear agus a thugtar go mbeidh baint ag an Aontas le tiontú aibíochtaí, ná nach bhfágfaidh sé go mbeidh neamhchosaint aige ar aon riosca úis ná ar aon riosca tráchtála eile. Níl soiléiriú leordhóthanach sa togra ar na bearta maolaithe rioscaí a d’fhéadfadh teacht in ionad na forála sin.

Tráchtanna a bhaineann le tograí eile sa phacáiste

Aistrithe rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann chuig buiséid amach anseo

15 Go dtí seo, tá na hacmhainní is ábhartha curtha ar leataobh mar sholáthar chun seasamh le haon iarraidh a bhaineann le hiasachtaí MFA a ráthú. Chun soláthairt a chruthú d’iasachtaí a tugadh roimhe seo don Úcráin, d’úsáid buiséad an Aontais leithreasuithe bliantúla faoi chomhair gealltanais agus faoi chomhair íocaíochtaí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cuid den riosca glactha cheana féin ag an mbuiséad reatha nó ag buiséid roimhe seo. I gcomhthráth lena thogra chun an Rialachán Airgeadais a leasú, [molann](#) an Coimisiún an cur chuige sin a athrú ionas nach ndéanfar soláthar ar leith a thuilleadh sa bhuiséad d’iasachtaí MFA+ chuig an Úcráin, ach go mbeidís rathaithe ag ‘lamháltas buiséid’ an Aontais.

16 Is éard atá sa ‘lamháltas buiséid’ ná an difríocht idir uasteorainn na n-acmhainní dílse agus na hacmhainní dílse atá riachtanach chun buiséad an Aontais a mhaoiniú. Is ionann é agus acmhainneacht airgeadais an Aontais chun eis-sreabha breise a chlúdach a bhaineann le dliteanais theagmhasach a bheith ag teacht chun fóire de dhroim cúnamh airgeadais chuig Ballstáit an Aontais, agus nach bhfuil soláthar cruthaithe lena n-aghaidh sin.

17 Chiallóidh an moladh sin ón gCoimisiún go ndéanfaí na rioscaí a bhaineann leis an bhféidearthacht go dtarlódh mainneachtain íocaíochtaí a aistriú go dtí am éigin sa todhchaí. D’fhéadfadh sé sin brú a chur ar bhuiséid agus riachtanais íocaíochta amach anseo. Chlúdódh an lamháltas freisin an riosca de mhainneachtain aisíocaíochtaí i gcás iasachtaí MFA+ leis an Úcráin. Faoi láthair, níl aon phleananna ann chun méid an lamháltais a mhéadú i gcomhréir leis sin.

Pointí clabhsúir

18 Tá an togra ón gCoimisiún chun an Rialachán Airgeadais a leasú á thíolacadh ag an am céanna le pacáiste de thograí atá ag slógadh suas le €18 mbilliún le haghaidh iasachtaí chun tacú leis an Úcráin. Measaimid go bhfuil argóintí réasúnacha déanta ag an gCoimisiún ar mhaithe lena leagan síos go mbeidh straitéis cistiúcháin éagsúlaithe in úsáid mar mhodh bonnlíne le haghaidh cur chun feidhme gach oibriúchán iasachtaíochta. Cé go bhfuil an tuairim seo ag díriú isteach ar an togra ón gCoimisiún chun an Rialachán Airgeadais a leasú, tarraingimid aird ar an bhfóras go bhfágann an cleachtas trína ndéantar iasachtaí, ráthaíochtaí nó caiteachas an Aontais a mhaoiniú trí iasachtaíocht go bhfuil freagracht na haisíocaíochta á cur ar bhuiséid amach anseo, agus go bhféadfadh rioscaí sách ard do bhuiséad an Aontais a bheith ag gabháil le hiasachtaí a thabhairt don Úcráin.

Is é Seomra V, faoi cheannas Jan Gregor (Comhalta den Chúirt), a ghlac an tuairim seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Samhain 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí



Tony Murphy
An tUachtarán